



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2013*

## *Grafaic Theicniúil Ardleibhéal Roinn B (280 marc)*

*Dé Luain, 17 Meitheamh  
Maidin 9:30 - 12:30*

### **Treoracha**

- (a) *Freagair ceithre cheist ar bith.*
- (b) *Tá na ceisteanna uile sa roinn seo ar aon mharc.*
- (c) *Ní mór uimhir na ceiste a scríobh go soiléir le hais an fhreagra a ghabhann léi.*
- (d) *Ná bain úsáid ach as **taobh amháin** den pháipéar.*
- (e) *Scriobh do scrúduimhir ar gach bileog a úsáideann tú.*

## ROINN B. Freagair ceithre cheist ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.


1. Taispeántar cló pictiúrtha de dháileoir deochanna. Taispeántar grafaic 3T freisin den dáileoir deochanna.

(a) Tarraing aghaidhchló sa treo ina bhfuil an tsraighead A.

(b) Teilg bonnchló ón aghaidhchló.

(c) Teilg taobhchló sa treo ina bhfuil an tsraighead B.

(d) Aimsigh fiocruth dhromchla S.






2. Taispeántar aghaidhchló, bonnchló agus grafaic 3T de bhugaí linbh.

Tá poill i gcruth cearnóige, i gcruth triantáin chomhshleasaigh agus i gcruth peinteagáin rialta mar chuid de dhearadh an bhugaí.

(a) Tarraing an bonnchló agus an t-aghaidhchló a thugtar.

Déantar clúdach an bhugaí a rothlú trí  $45^\circ$  timpeall ar an bpointe O mar a thaispeántar leis an líne bhriste san aghaidhchló.


(b) Teilg taobhchló an bhugaí sa treo ina bhfuil an tsraighead A chun an clúdach a thaispeáint ina shuíomh rothlaithe.



- 3.** Taispeántar na haiseanna aismhéadracha atá ag teastáil chun teilgean isiméadrach *leathphíopa* ó pháirc scátala a dhéanamh. Taispeántar freisin aghaidhchló, bonnchló agus grafaic 3T den struchtúr.


**(a)**

- (i) Tarraing na haiseanna aismhéadracha mar a thaispeántar.
- (ii) Tarraing an t-aghaidhchló treoshuite ag  $15^\circ$  mar a thaispeántar.
- (iii) Tarraing an bonnchló treoshuite ag  $45^\circ$  mar a thaispeántar.
- (iv) Tarraing teilgean aismhéadrach críochnaithe an leathphíopa.






**NÓ**

- (b)** Tarraing teilgean aismhéadrach críochnaithe an leathphíopa agus bain úsáid as modh an scála isimhéadraigh.



- 4.** Taispeántar aghaidhchló agus bonnchló araidín deisce. Taispeántar grafaic 3T den araidín deisce chomh maith.

- (a)** Tarraing an t-aghaidhchló agus an bonnchló a thugtar. Taispeán na pointí teagmhála go léir.
- (b)** Tarraing forbairt an dromchla shorcóirigh **A**.
- (c)** Tarraing forbairt dromchláí claonta na pirimide barrscoite **B**.




**5.** Taispeánann an fhíor lógó le haghaidh coláiste.

Tá an lógó faoi réir ag claochluithe (trasfhoirmithe) san ord seo a leanas:

- Siméadracht Lárnach
- Siméadracht Aiseach
- Aistriú
- Rothlú deiseal trí  $120^\circ$ .

Taispeánann  $P_1$ ,  $P_2$ ,  $P_3$  agus  $P_4$  suíomhanna an phointe  $P$  faoi gach ceann de na claochluithe sin.



(a) Tarraing an fhíor a thugtar.

(b) Aimsigh íomhá na fiorach faoi **gach ceann** de na claochluithe sin.

**6.** Taispeánann an fhíor dearadh de roicéad bréagáin.

Is leathéilips é an cuar **BCDEG**.

Tá an cuar **LMN** comhionann le cuid den leathéilips céanna.

Is parabóil é an cuar **BA** lena rinn ag **B**.

Is parabóil comhionann é an cuar **GA** lena rinn ag **G**.

Is tadhlaithe leis an éilips iad na línte **CJ** agus **EK**.

Tarraing an dearadh a thugtar agus taispeán na tógálacha go léir.

